# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2005

## TÍREOLAÍOCHT - ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 13 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA, 1.30 GO 3.30


**ROINN 2 (90 MARC)**
**Freagair** TRÍ **cheist**.

Tá **Roinn 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leithligh mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Cuimhnigh le do thoil go gcaithfear an fillteán a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.

## 1. AERÁID AGUS TURASÓIREACHT

**A** *"Féadann tionchar a bheith ag Airde agus Treoíocht (Aspect) ar aeráid aitiúil limistéir."*

Scrúdaigh an léaráid thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é..





(i) Mínigh cúis **amháin** cén fáth gur dóichí go bhfuil an áit le lipéad **A** air níos fuaire ná an áit le lipéad **B** air.


(ii) Mínigh cúis **amháin** cén fáth gur dóichí go bhfuil an áit le lipéad **X** air níos teo ná an áit le lipéad **Y** air.

(8)

**B.** *"Bíonn réigiúin áirithe tarraingteach do thurasóirí de bharr na haeráide acu."*

Scrúdaigh na graif thíos, a thaispeánann figiúirí frasaíochta agus teochta do réigiún turasóireachta tarraingteach san Eoraip. Freagair na ceisteanna a leanann iad.




(i) Déan cur síos ar **dhá** shlí ina dtarraingeodh an aeráid seo turasóirí.
(ii) Ainmnigh an cineál aeráide atá ann.
(iii) Ainmnigh tír **amháin** san Eoraip a bhfuil an aeráid seo le fáil ann.

(10)

**C.** *"Féadann turasóireacht ar scála mór fadhbanna móra a chruthú do réigiúin bhroidiúla turasóireachta".*

Déan cur síos ar **thrí** fhadhb a bhaineann le turasóireacht ar scála mór.


(12)

**2. LONNAÍOCHT AGUS PLEANÁIL UIRBEACH**

**A.** Mínigh conas a bhíonn tionchar ag **dhá** cheann ar bith de na gnéithe seo a leanas ar dhlúis dhaonra ar fud an domhain:

- Ithreacha
- Rilíf (an cruth atá ar dhromchla na talún)
- Saibhreas Mianra (8)

**B.** Scrúdaigh an léarscáil thíos, a thaispeánann cuid den Afraic Thuaidh.
Freagair na ceisteanna a leanann é.




Tá dlús daonra daonna an-íseal ag an tír marcáilte **X** ar an léarscáil.

(i) Ainmnigh an tír marcáilte **X**.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** fhadhb **a chruthaíonn** dlús daonra íseal agus a bhfuil tionchar acu ar an tír marcáilte **X** ar an léarscáil. (10)

**C.** **"Athnuachan Uirbeach, Athfhorbairt Uirbeach** agus **Bailte Móra Nua:** baineann pleanálaithe úsáid astu go léir chun fadhbanna saoil nua-chathrach a laghdú."

(i) Scrúdaigh an sliocht ó nuachtán a thugtar anseo agus abair an dtagraíonn sé do Athnuachan Uirbeach nó do Athfhorbairt Uirbeach.

Tá Bardas Bhaile Átha Cliath ag iarraidh a áiteamh ar dhaoine in áiteanna as ceantar sean-líbeartaí na hionchathrach gan a sean-chomharsanachtaí a thréigean. Agus é seo i gceist, tá an Bardas ag athchóiriú a lán tithe agus tá seirbhísí nua pobail á soláthar sa cheantar.

(ii) Déan cur síos gairid ar dhifríocht **amháin** idir Athnuachan Uirbeach agus Athfhorbairt Uirbeach.

(iii) Ainmnigh aon Bhaile Mór Nua **ar bith** in Éirinn.

(iv) Déan cur síos gairid ar **dhá** ghné thipiciúil den Bhaile Mór Nua seo. (12)

**3. ACMHAINNÍ NÁDÚRTHA AGUS DAOINE**

**A.** Scrúdaigh Pictiúr A agus Pictiúr B, a thaispeánann dhá **chineál carraige** éagsúla in Éirinn. Freagair na ceisteanna a leanann iad.



**Pictiúr A** – *Clochán An Aifir*



**Pictiúr B** -*An Boireann*

(i)


- Ainmnigh an cineál carraige a thaispeántar **i bPictiúr A** agus an cineál carraige a thaispeántar i **bPictiúr B**.
- Cuir in iúl, faoi **gach** ceann de na cineálacha carraige a ainmníonn tú, cé acu iad: bruthcharraig, carraig dhríodair nó carraig mheitheamorfach

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shlí a mbainfeadh daoine úsáid eacnamaíoch as carraigeacha.

(12)

**B.** Féach arís ar Phictiúr B den Bhoireann. Mínigh go hiomlán conas a dhéanann uisce báistí síonchaitheamh ar an gcarraig a thaispeántar sa phictiúr seo. (8)

**C.** Scrúdaigh an graf, a thaispeánann go bhfuil **stoic éisc** éirithe ídithe le blianta anuas i gcuid den Mhuir Mheann. Freagair na ceisteanna a leanann é.




(i) Ríomh laghdú na stoc éisc a thaispeántar idir 1960 agus 1990.


(ii) Déan cur síos ar **dhá** chúis ar féidir a thabhairt do ídiú na stoc éisc sna farraigí timpeall ar Éirinn. (10)

4. **MEASCÁN TÍREOLAÍOCH**

**Freagair TRÍ CINN AR BITH de na ceisteanna A – D thíos.**

**A.** Freagair na ceisteanna faoi **Chreimeadh Farraige NÓ** na ceisteanna faoi **Oighearchreimeadh.**

**Creimeadh Farraige.**
Scrúdaigh an léaráid a thaispeánann roinnt gnéithe cósta. Freagair na ceisteanna a leanann é.





(i) Ainmnigh na **ceithre** ghné de chreimeadh farraige le lipéid **1 – 4** orthu sa léaráid.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** phróiseas (dhá shlí) ina gcreimeann na tonnta an cósta. (10)

**NÓ**

**Oighearchreimeadh**
Scrúdaigh an léaráid a thaispeánann roinnt gnéithe oighriúcháin. Freagair na ceisteanna a leanann é.






(i) Ainmnigh na **ceithre** ghné oighriúcháin le lipéid **A – D** orthu sa léaráid.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** phróiseas (dhá shlí) ina bhfuil an tírdhreach creimthe ag oighear-aistriú. (10)

**B. Pirimidí Daonra**

Scrúdaigh na pirimidí daonra leis na lipéid **Tír A** agus **Tír B** orthu. Taispeánann pirimid amháin an struchtúr daonra de thír i mbéal forbartha agus taispeánann an ceann eile an struchtúr daonra de thír fhorbartha. Freagair na ceisteanna a leanann iad.




(i) Cé acu tír, **A** nó **B,** an tír fhorbartha?

(ii) Mínigh **cén fáth** a bhfuil na struchtúir dhaonra, de thíortha i mbéal forbartha agus de thíortha forbartha, chomh héagsúil faoi na cinnteidil seo a leanas:

- Rátaí beireatais
- Rátaí báis
- Ionchas saoil (10)

**C. Imirce Eagraithe**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** d'imirce eagraithe idirnáisiúnta.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** chúis cén fáth ar tharla an imirce eagraithe seo.

(iii) Déan cur síos ar thoradh fadtréimhseach **amháin**, a bhí ag an imirce seo, sa tír cheannphointe. (10)

**D. Cogadh, Caitheamh Míleata agus Forbairt.**

Mínigh **dhá** shlí ina bhfuil forbairt eacnamaíoch coiscthe ag cogadh agus ag airgead atá caite ar airm, i dtír ainmnithe **amháin,** i mbéal forbartha, de do rogha. (10)

**5. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGFRAF**

**A.** Déan staidéar ar an **Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis** agus an eochair eolais a thugtar.

(i) Cad é an fad, i **line díreach i gciliméadar**, ó mhullach Frewin Hill [171] ag N 377 586 go dtí Talamh Caomhnaithe an Dúlra (Nature Reserve) N 426 587?

(ii) Cad é an fad, **i gCiliméadar**, feadh an bhóthair **R 394** ón eaglais ag N 437 532 go dtí an eaglais ag N 447 584?

(6)

**B.** Agus gan á úsáid agat ach fianaise ón **Léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis**, mínigh **trí** chúis cén fáth a dtarraingeofaí turasóirí go dtí an ceantar a thaispeántar ar an léarscáil.

(12)

**C.** Tarraing sracléarscáil den cheantar a thaispeántar ar an **Aerfótagraf.** Taispeáin **agus** ainmnigh na gnéithe seo a leanas:

- **Dhá** shráid ag cónascadh
- Eaglais
- Carrchlós
- Cuid de chanáil
- Ceantar de Fhearann Páirce (12)

Leathanach Bán